

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE,
FÓMHAR 2021

SCRÚDÚ LE HAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

Triail Chluastuisceana– 100 MARC

Thart ar 50 nóiméad don triail seo. Gach ceist a fhreagairt as gach Roinn.

Líon na boscaí seo, le do thoil:-

Uimhir Scrúdaithe	Uimhir PPS	Uimhir Oide

ROINN A: FÓGRAÍ

Seinnfear trí fhógra sa Roinn seo. Seinnfear gach fógra díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

FÓGRA I

1. Cén eagraíocht a d'eisigh an fógra?

2. Cén t-ábhar curaclaim lena mbaineann an ghluais?

3. Cén dá ghrúpa a gcabhróidh an ghluais leo?

4. Lasmuigh de shainmhínte ar théarmaí, céard eile atá sa ghluais?

5. Cén áit a bhfuil an Ghluais Mhatamaitice ar fáil?

FÓGRA II

1. Cén post atá fógartha ag *Spraoi*?

2. Céard é an dualgas is mó a bheidh ar an té a cheapfar?

3. Cén tseirbhís a chuireann *Spraoi* ar fáil do pháistí bunscoile?

4. Conas is féidir níos mó eolais a fháil faoin bpost?

5. Céard é an dáta deireanach chun iarratas a chur isteach ar an bpost?

FÓGRA III

1. Cén luach atá ar an deontas a chuireann *Gaeloideachas* ar fáil faoin scéim “Ar Scáth a Chéile”?

2. Cén aidhm atá leis an scéim “Ar Scáth a Chéile”?

3. Cén t-imeacht do phríomhoidí a d’fhéadfaí a eagrú faoin scéim?

4. Céard atá ar fáil trí ríomhphost a chur chuig Ciara?

5. Conas is féidir ceisteanna a ardú le *Gaeloideachas* faoin scéim?

ROINN B: COMHRÁITE

Seinnfear trí chomhrá sa Roinn seo. Seinnfear gach comhrá díobh faoi thrí. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

COMHRÁ I

1. Cén fáth a bhfuil Ciarán déanach?

2. Dar le Caitríona, cén fáth a bhfuil Ciarán oiriúnach don phost mar bhainisteoir?

3. Cathain a chuirfidh Cumann Lúthchleas Gael cúrsa sa chóitseáil foirne ar fáil?

4. Chomh maith le béim a chur ar an spraoi, céard eile a dhéanann na cúrsaí sa chóitseáil foirne?

5. Cé leis a labhróidh Ciarán sula dtabharfaidh sé freagra cinnte do Chaitríona?

Ar lean →

COMHRÁ II

1. Cathain a tháinig deireadh leis an grúpa ceoil, *The Sawdoctors*?

2. Cén grúpa a dhéanann Tolü Makay a thionlacan ar an leagan nua den amhrán?

3. Cé mhéad duine atá tar éis féachaint ar an leagan nua den amhrán?

4. Cár tógadh Tolü Makay?

5. Conas go bhfuil a fhios agat go ndeachaigh an leagan nua den amhrán i bhfeidhm ar Graham Norton?

COMHRÁ III

1. Cár chuala Moya faoi Mhótair Mhic Fhionnlaigh?

2. Cén aois atá ag an ngluaisteán a cheannaigh Moya?

3. Cé mhéad a chosain an gluaisteán a cheannaigh Moya?

4. Céard is ainm don mhac is sine atá ag Dónal?

5. Cén fáth a bhfuil ar Mhoya brostú abhaile?

ROINN C: MÍREANNA NUACHTA

Seinnfear trí mhír nuachta sa Roinn seo. Seinnfear gach mír díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta

MÍR NUACHTA I

1. Cé mhéad duine atá sa ghrúpa a théann ag snámh?

2. Cathain a théann an grúpa ag snámh?

3. Cén uair a bunaíodh an grúpa?

4. Cén post atá ag Seán Mac an tSíthigh?

5. Dar le Nell Ní Chíobháin, cén buntáiste a thagann ón snámh?

Ar Lean →

MÍR NUACHTA II

1. Cathain a fógraíodh an ceapachán nua?

2. Cár tógadh Saileog Ní Cheannabháin?

3. Cén uirlis cheoil a sheinneann máthair Shaileoige Ní Cheannabháin?

4. Cén eagraíocht lena mbíonn an Dr Méabh Ní Fhuartháin ag obair?

5. Céard a chuirfidh Saileog Ní Cheannabháin ar fáil san fhómhar?

MÍR NUACHTA III

1. Cén eagraíocht a chuirfidh an clár le chéile?

2. Cén ról a bheidh ag Damien Ó Dónaill sa chlár?

3. Cathain a bunaíodh Coláiste Bhríde?

4. Cén post atá ag Gearóid Mac Donncha?

5. Dar le Gearóid Mac Donncha, cé a chuirfidh spéis mhór sa chlár?
